Cúram do sheandaoine

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chúram do sheandaoine. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

íocaíocht	tithe altranais	leapacha poiblí
dualgas	cáin ioncaim	gan mhoill

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Sa phlean nua, cé mhéad a chaithfidh seandaoine íoc as cúram fadtéarmach?
2. An bhfuil *Age Action Ireland* sásta faoi seo? Cén fáth?
3. Cén grúpa eile nach bhfuil sásta faoin bplean?
4. Cathain a bheidh na rialacha nua ann?

Ceist 3 Féach ar na habairtí thíos:

Beidh córas nua ann do chúram seandaoine *i dtithe altranais*.
Tá sé *i gceist* ag an Aire reachtaíocht nua a chur tríd an Dáil.
Tá an teach altranais *i mBaile Átha Cliath*.

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Cuir urú ar an bhfocal idir lúibíní.

1. D'oscail an tAire Oideachais scoil nua i _____ inné. (Corcaigh)
2. Téann Máire agus na páistí ar saoire gach bliain i _____. (Doire)
3. Tá amharchlann náisiúnta na Gaeilge i _____. (Gaillimh)
4. Rinne Daithí cúrsa i _____ traidisiúnta anuraidh. (ceol)
5. Rugadh Maria Luisa i _____ beag i dtuaisceart na Spáinne. (baile)
6. Nuair a bhí Seán ar saoire, d'fhan sé i _____. (brú)
7. Chonaic Sinéad an scannán i _____ i lár an bhaile. (pictiúrlann)

Ceist 4 Féach ar an habairtí thíos:

‘Ní aontaíonn Age Action Ireland le *moltaí* an Aire Sláinte.’
‘Deir siad gur cheart don stát *leapacha* poiblí a chur ar fáil.’

Anois, an féidir leat na bearnaí thíos a líonadh?

	uatha	*iolra*
1	moladh	moltaí
2	leaba	leapacha
3	cathair	
4	siopa	
5	cathaoir	
6	duine	
7	seanóir	
8	grúpa	
9	plean	
10	carr	
11	teach	
12	altra	

Ceist 5 Féach ar an habairtí thíos:

Níl Parlaimint na Seanóirí Éireannacha *róshásta* leis an Aire Sláinte.’
Ní dheachaigh Seán amach ag rith mar bhí an aimsir *rófhuar*.’

Anois an féidir leat na habairtí thíos a chríochnú? Beidh ort séimhiú a chur ar an bhfocal idir lúibíní.

1. Níor éirigh le Máire an cupán tae a ól roimh dul ar scoil mar bhí sé ró_____. (te)

2. Níor cheannaigh Pól an ríomhaire glúine mar bhí sé ró_____. (daor)

3. Chuir Síle an gúna nua uirthi ach bhí sé ró_____. (mór)

4. Bhain Pádraig triail as na ceisteanna matamaitice ach bhí siad ró_____. (deacair)

5. Bhí an scannán an-mhaith ach bhí sé ró_____. (fada)

6. Chuaigh mé go dtí an léacht ach ní raibh sé ró_____. (suimiúil)

Ceist 6 Ba mhaith leis an Aire Sláinte 7.5% de luach tí a ghearradh ar seandaoine atá i dtithe altranais. An dóigh leat gur plean maith é sin? Cén fáth? An bhfuil aon tslí eile gur féidir íoc as cúram do sheandaoine?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

íocaíocht - *payment*
tithe altranais – *nursing homes*
leapacha poiblí – *public beds*
dualgas – *duty*
cáin ioncaim – *income tax*
gan mhoill – *without delay*

Ceist 2

1. Caithfidh siad 7.5% de luach a dtí cónaithe a íoc.

2. Níl siad sásta. Deir siad go mbíonn cáin ioncaim íoctha ag formhór seandaoine agus gur cheart don stáit leapacha poiblí a chur ar fáil saor in aisce dóibh.

3. Níl Parlaimint na Seanóirí Éireannacha sásta faoin bplean. Deir siad go bhfuil gá leis an córas a athrú ach ní aontaíon siad leis an moladh 7.5.% de luach tí an tseanduine a thógáil.

4. Beidh na rialacha nua ann ag tús na bliana 2008.

Ceist 3

1. i gCorcaigh
2. i nDoire
3. i nGaillimh
4. i gceol
5. i mbaile
6. i mbrú
7. i bpictiúrlann

Ceist 4

	uatha	*iolra*
1	moladh	moltaí
2	leaba	leapacha
3	cathair	cathracha
4	siopa	siopaí
5	cathaoir	cathaoireacha
6	duine	daoine
7	seanóir	seanóirí
8	grúpa	grúpaí
9	plean	pleananna
10	carr	carranna
11	teach	tithe
12	altra	altraí

Ceist 5

1. róthe
2. ródhaor
3. rómhór
4. ródheacair
5. rófhada
6. róshuimiúil

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha

Deir an grúpa *Age Action Ireland* nach n-aontaíonn siad le moltaí an Aire Sláinte Mary Harney faoi chóras nua íocaíochta do chúram seandaoine i dtithe altranais. De réir phlean an Aire d'fhéadfaí íocaíocht 7.5% de luach tí cónaithe a ghearradh as cúram fadtéarmach. Dúirt James Redioch thar ceann *Age Action Ireland* go mbíonn cáin íoctha ag formhór seandaoine agus go bhfuil sé de dhualgas ar an stáit leapacha poiblí a chur ar fáil saor in aisce dóibh. Tá tuairisc ag Barraí Mescall.

Barraí Mescall

De réir phlean[1] an Aire Sláinte Mary Harney beidh ar gach éinne rud éigin a íoc do chúram fadtéarmach do sheanóirí i dtearmainn. Gearrfar íocaíochtaí de 7.5% de luach tí an tseanóra. Ach thug an tAire geallúint tráthnóna nuair a d'fhógair sí a cuid pleananna nach mbeadh ar an othar an íocaíocht seo a dhéanamh go dtí go raibh cúramaí eastáit an othair réitithe. Tiocfaidh na rialacha nua i bhfeidhm ag tús na bliana 2008 agus idir an dá linn, tabharfar traenáil d'oibrithe Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte chun na moltaí a chur i gcrích. Ach níl gach éinne sásta le plean an Aire. Dúirt James Redioch thar ceann an eagrais *Age Action Ireland* go bhfuil míchothromaíocht do dhaoine aosta sa phlean. Dúirt sé go bhfuil dualgas ar an stáit leapacha poiblí a chur ar fáil do sheandaoine agus go bhfuil formhór acu tar éis íoc astu tríd a n-íocaíochtaí cáin ioncaim le linn a saoil. Grúpa eile nach bhfuil róshásta leis an Aire is ea Pairlimint na Seanóirí Éireannacha. Deir Nora O'Donovan go bhfuil géarghá le hathchóiriú ar an gcóras atá againn le trí bliana déag anuas ach ní thagann sí leis an moladh go ngearrfar an íocaíocht as eastát an tseanóra.

Nora O'Donovan

If they're not going to get you while you're alive, they're going to get you when you're dead and I think that's wrong really because the price of houses has risen so much...

Barraí Mescall

Dealraíonn sé nach bhfuil an tarna rogha acu siúd nach n-aontaíonn le moltaí an Aire mar go bhfuil sé i gceist aici reachtaíocht nua a chur tríd an Dáil gan mhoill i dtreo is go mbeidh ar a cumas a cuid pleananna a chur i bhfeidhm ag tús na bliana 2008.

Barraí Mescall, Nuacht TG4, Cathair Chorcaí

[1] *De réir plean an Aire Sláinte* a deirtear sa mhír